



Urraithe ag



Foras na Gaeilge

San eagrán seo:

COMHDHÁIL
BHLIANTÚIL 2015 2-SCÉIM TACAÍOCHTA
TEANGA

-STAITISTICÍ 2015/16 3

-DEONTAIS LE CHÉILE
TRÍ GHAELIGENUAIGHT AR
SCOILEANNA NUA 4-STÁDAS
INMHARTHANACHTA
-FOIRGNEAMH NUA
-TACAÍOCHT
D'AONAD
LÁN-GHAELIGE 5-TIONSCADAL NUA Ó
RAIDÍO NA LIFE
-AONACH LEABHAR 6-SCOIL NUA, I
gCARRAIG UÍ LEIGHIN
-VACSAÍNITHE 7-CLÁR GAEL LINN
-COMÓRADH AR ÉILÍS
UÍ DHÁLAIGH 8

CÚINNE AN SPÓIRT 9

NUAIGHT NA
NGAELCHOLÁISTÍ 10LÁ ROALD DAHL AG GS
MOSHÍOLÓG 11

CLUICHE: DINGBATS 12

FÓGRAÍ AGUS
FREAGRAÍ 13

NA NAÍONRAÍ 14

EALAÍN 15-16

Nuachtlitir

Fómhar 2015

Moltaí Polasaí don Soláthar Oideachais i Limistéir Ghaeltachta

Fáiltíonn Gaelscoileanna Teo. roimh foilsiú na Moltaí Polasaí don Soláthar Oideachais i Limistéir Ghaeltachta agus an deis a bheith ag an eagraíocht bheith bainteach leis an gcomhairliúcháin atá ar siúl ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ina leith faoi láthair. Bunaithe ar an bplé a bhí ag an eagraíocht leis na scoileanna Gaeltachta i mí Bealtaine agus ó shin cuireadh aighneacht faoi bhráid na Roinne le tuairimí na scoileanna a chur chun cinn. Ó shin i leith bhí cruinniú ag an eagraíocht leis an Roinn ar an 2 Deireadh Fómhair áit inar pléadh na príomh-mholtaí. Ina measc bhí plé ar an tumoideachas i mbunscoil lán-Ghaeilge Gaeltachta, cearta oideachas a bheith ar fáil trí Bhéarla sna Gaeltachtaí, conas plé le hoideachas dara leibhéal sna Gaeltachtaí, soláthar múinteoirí don oideachas lán-Ghaeilge Gaeltachta agus na tacaíochta a bhfuil gá leo le teanga an pháiste dúchais a shaihbhrí.

Bhí fóram díospóireachta ar siúl i leith na Moltaí ar an Luain, 19 Deireadh Fómhair, áit ina raibh Gaelscoileanna Teo. páirteach ann chomh maith. Deineadh taifead ar an ócáid agus tá sé ar fáil ar shuíomh na Roinne Oideachais mar aon leis an ábhar go léir ón bpróiseas go dtí seo más suim le héinne níos mó eolais a lorg. Tá an Roinn leis na moltaí go léir a tháinig chun cinn a thógáil san áireamh agus polasaí ar an oideachas Gaeltachta a dhréachtadh roimh dheireadh na bliana. Molann Gaelscoileanna Teo. an Roinn as ucht a chur chuige sa phróiseas seo go dáta ach beidh ceist airgeadú an pholasaí le soiléiriú fós amach anseo. Tá súil againn go gcuirfear maoiniú ceart ar fáil chun leasa na scolaíochta lán-Ghaeilge sna Gaeltachtaí.

Foireann Nua Gaelscoileanna Teo.

Oifigeach Forbartha don
Ghaeltacht: Peigí Ní Chonghaile

Tá foireann na heagraíochta ag fás faoi láthair agus tugadh cead dúinn beirt a cheapadh le bheith ina n-Oifigigh Forbartha don Ghaeltacht. Tá duine amháin ceaptha cheana féin, sé sin Peigí Ní Chonghaile, agus tá súil againn go mbeidh an dara duine ceaptha go luath. Ciallaíonn seo go mbeidh beirt ag díriú ar phlé leis na scoileanna Gaeltachta go príomha. An aidhm faoi láthair ná cuairt a thabhairt ar an méid scoil Gaeltachta gur féidir faoi láthair le deis a bheith againn plé libh faoi na nithe atá tábhachtach daoibh agus i dtreo is go mbeidh níos mó tuiscine agaibh ar obair na heagraíochta.

Ón uair a ndeachaigh an nuachtlitir deireanach amach d'éirigh Cormac McCashin as a phost linn agus tá sé ag obair anois leis an bhForas Pátrúnachta. Guíonn muid gach rath air.

Ceapadh Jill McMahon i ról an Riarthóra Oifige le linn an tsamhraidh agus tá sí ag cur go mór le hobair na heagraíochta ó shin.

Cuireann muid fáilte is fiche roimh na fostaithe nua atá tosaithe linn!



Riarthóir Oifige: Jill McMahon

Ba mhór ag an bhfoireann comhghairdeas a dhéanamh le Bláthnaid Ní Ghréacháin agus a fear chéile, Pádraigh Mac Criostail, ar a rugadh iníon (Suaibhse) dóibh i mí an Mheitheamh!

Comhdháil Bhliantúil 2015

Beidh Comhdháil Gaelscoileanna Teo. ar siúl ar an **20 agus 21 Samhain 2015** san **Óstán Sheraton, Baile Átha Luain**.

Is é téama na Comhdhála i mbliana ná **'Forás Feasa, Saothrú Chun Feabhais'**, téama a dhíríonn ar an tábhacht taithí a roinnt agus foghlaim óna chéile agus muid ag obair i dtreo barr feabhais a bhaint amach i gcónaí.

Ba mhór ag Gaelscoileanna Teo. dá mbeadh Bord Bainistíochta na scoile sásta roinnt múinteoirí a scaoileadh agus íoc astu le teacht chuig an gComhdháil, más ceadmhach do bhuiséad na scoile é. Creidimid gur infheistíocht mhaith don scoil í an íocaíocht seo agus go gcuirfidh sé go mór le hoiliúint na múinteoirí. Tá lacáiste ann do os cionn 3 múinteoirí ó aon scoil amháin, agus tá gach eolas maidir le táillí agus clárúchán ar fáil anseo: <http://www.gaelscoileanna.ie/comhdhail/>.

Dé hAoine 20 Samhain 2015

09.00 – 09.30: Clárú

09.30 – 10.00: Oscailt oifigiúil

10.00 – 11.30: Léacht na Comhdhála: Muiris Ó Laoire

11.30 – 12.00: Tae, caifé agus seastáin

12.00 – 13.15: Rogha ceardlann do

bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna,

seisiún plé maidir leis an t-athbhreithniú ar an oideachas Gaeltachta

13.15 – 14.15: Lón

14.15 – 15.30: Rogha ceardlann do bhun-

Dréacht-Chlár

na Comhdhála

scoileanna agus iarbhunscoileanna

15.30 – 16.00: Tae, caifé agus seastáin

16.00 – 17.00: Grúpaí sainspéise

17.00 – 18.00: Seastáin

16.00 – 18.30: 2 cheardlann dírithe ar naíonraí lán-Ghaeilge

19.30 – 20.15: Fáiltiú fíona

20.15: Dinnéar na Comhdhála, aoi chainteoir, crannchur, comhlúadar agus ceol

Dé Sathairn 21 Samhain 2015

9.30 – 10.30: Ceardlann

10.30 – 12.00 Cruinniú Cinn Bliana

Tá ráta lóistín ar leith ar fáil ón Óstán Sheraton don Déardaoin, 19 agus Aoine, 20 Samhain don chomhdháil. Leis seo a fháil is gá teagmháil a dhéanamh leis an Óstán (**090 64 51033**) agus a rá leo go bhfuil tú ag freastal ar an gComhdháil.

Tá súil againn go mbeidh ionadaithe ó do scoil in ann freastail ar an gComhdháil agus go mbainfidh siad idir thaitneamh agus fhiúntas as. Beimid ag tnúth go mór le bualadh leatsa.

Scéim Tacaíochta Teanga

Tá an scéim phíolótach seo á reáchtáil ag Gaelscoileanna Teo. le cúnamh a thabhairt do stiúrthóirí naíonra agus d'fhoireann neamh-theagaisc na scoileanna gur mian leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge nó tabhairt faoin scrúdú TEG. Faoin scéim seo is féidir tabhairt faoi oiliúint sa Ghaeilge ag aon leibhéal agus eagraithe ag aon fhoras oiliúna. D'fhéadfaí tabhairt faoi scrúdaithe Gaeilge TEG, ranganna oíche, cúrsa Gaeilge ar líne, sainchúrsa teanga, dianchúrsa gramadaí, cúrsa Gaeilge sa Ghaeltacht nó eile, eagraithe ag leithéidí na bhforas thíos:

Conradh na Gaeilge

Gael Linn

Gaelchultúr

Glór na nGael

Institiúidí tríú leibhéal

Ionaid Oideachais áitiúla

Oideas Gael

Ranganna.com

Scoileanna áitiúla

Teastas Eorpach na Gaeilge (scrúdú amháin)

Níl sa liosta thuas ach treoir agus is féidir tacaíocht a lorg le haghaidh cúrsaí eagraithe ag forais eile nach iad. D'fhéadfaí oiliúnoir a thabhairt isteach le cúrsa a sholáthar don

naíonra/scoil féin nó i gcomhpháirt le naíonra(i) nó scoil(eanna) eile sa cheantar, má oireann. Fáiltítear roimh iarratais ó níos mó ná stiúrthóir nó ball foirne amháin. I gcás go bhfuil tú cláraithe do chúrsa ach nach bhfuil sé tosaithe agat go fóill, is féidir aisíocaíocht a lorg ar tháillí atá íoctha cheana féin. Is féidir iarratas a dhéanamh bunaithe ar chúrsa atá beartaithe agat tabhairt faoi amach anseo, ach sonraí an chúrsa a chur ar fáil mar chuid den iarratas. Ní féidir aisíocaíocht a lorg ar tháillí do chúrsa atá déanta agat cheana féin.

Tapaigh an deis! Níl ach buiséad teoranta againn don scéim, agus ceadófar iarratais ar bhonn tús freastail. An spriocdháta d'iarratais ná an 18 Nollaig 2015. Le hiarratas a dhéanamh ar an scéim, ní gá ach foirm shimplí a comhlánú ar www.gaelscoileanna.ie. Má tá aon cheist agat maidir leis an scéim, déan teagmháil le Sandra ar 01 8535194 nó sandra@gaelscoileanna.ie.

Staitisticí don Scoilbhliain 2015/16

Bailíonn Gaelscoileanna Teo. staitisticí ó na scoileanna a mhúineann trí mheán na Gaeilge gach scoilbhliain le cabhrú leis an eagraíocht eolas cruinn faoin earnáil a chur ar fáil. Bíonn na staitisticí mar eolas tacaíochta agus an eagraíocht ag plé leis an Roinn Oideachais agus Scileanna ar son na scoileanna. I mbliana, don chéad uair, beidh na staitisticí á mbailiú againn i bhfoirm leictreonach amháin, rud a cabhróidh linn anailís níos mine a dhéanamh orthu agus eolas cruinn, cuimsitheach a chur ar fáil don phobal. Beidh naíonraí agus scoileanna Gaeltachta san áireamh sna staitisticí i mbliana, agus beimid ag súil le léargas den scoth a chur ar fáil den phobal fuinniúil agus folláin ina bhfuil muid ag feidhmiú, pobal atá ag fás go tréan.

Deontais Le Chéile Trí Ghaeilge

Cuireann Gaelscoileanna Teo. deontais ar fáil do naíonraí agus scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta d'fhonn imeachtaí a reáchtáil trí mheán na Gaeilge. Tríd an scéim seo, bíonn deis ag naíonraí agus scoileanna imeacht dá rogha féin a reáchtáil le naíonraí agus scoileanna eile. Cuireann Gaelscoileanna Teo. uasmhéid de:

€250 / £225 ar fáil d'imeacht le 2 naíonra/scoil rannpháirteach ann

€500 / £450 d'imeacht le 3 naíonra/scoil nó níos mó rannpháirteach ann

€750 / £675 más 4 naíonra/scoil nó níos mó atá le bheith rannpháirteach.

Déantar na híocaíochtaí de réir admhála. Cuirtear fáilte roimh réimse leathan imeachtaí agus roimh iarratais ó naíonraí, bunscoileanna agus iarbhunscoileanna. Tugann na himeachtaí seo deis thábhachtach do naíonraí agus do scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta nasc a chruthú le naíonraí agus scoileanna eile. Spreagann na himeachtaí ilghnéitheacha seo cumarsáid agus spraoi trí mheán na Gaeilge, rud a théann chun leasa an naíonra, na scoile, chun leasa páistí agus daltaí agus chun leasa an phobail.

Tá gach eolas mar gheall ar an scéim seo ar fáil ach ríomhphost a chur chuig sandra@gaelscoileanna.ie nó glaoch a chur uirthi ar 01 8535194. An spriocdháta d'iarratais ná 11 Nollaig 2015. Tá téarmaí, coinníollacha agus foirm iarratais na scéime ar fáil ar www.gaelscoileanna.ie.



Tá sé fógartha ag an Roinn Oideachas go mbeidh dhá bunscoil nua á n-oscailt i Meán Fómhair 2016 i gceantar Stigh Lorgan/Baile na Gabhar agus Marino/Droim Conrach/BÁC 1. Tá Gaelscoileanna Teo ag tabhairt tacaíochta d'iaratas An Foras Pátrúnachta go mbunófar scoileanna ilchreidmheacha lán-Ghaeilge sa dá cheantar úd. Déanfar cinneadh ar an gcineál scoile a n-osclofar bunaithe ar éileamh agus rogha na dtuismitheoirí sna sprioc-cheantair. Chuige sin tá muid i mbun feachtas faoi láthair le tuismitheoirí a spreagadh chun foirmeacha léirithe spéise a líonadh isteach le cinntiú go mbeidh an rogha oideachais seo ar fáil dá gcuid páistí.

Tá cruinnithe eolais, feachtas margaíochta ar na meáin shóisialta agus seastáin eolais eagraithe go dtí seo chun an scéal a scaipeadh maidir leis an rogha seo i measc an phobail áitiúil. Tá na hoifigigh forbartha, Ciara agus Cormac, in éineacht le Cormac Mc Cashin ó An Foras Pátrúnachta, ag obair leis na coistí áitiúla díograiseacha agus ag éascú cruinnithe rialta leo ionas go mbeidh siad rannpháirteach agus lárnach sa phróiseas.

Má tá éinne ón gceantair thuas a bheadh sásta tacaíocht a thabhairt is féidir leo an fhoirm léirithe spéise a líonadh isteach dá bpáistí ar www.gaelscoileanna.ie.

Is féidir dul chun cinn na bhfeachtas a leanúint ar na naisc seo a leanas:

Baile na nGabhar/ Stigh Lorgan

<http://www.gaelscoileanna.ie/southdub>

Marino/Droim Conrach/BÁC 1

<http://www.gaelscoileanna.ie/northdub>



Éileamh ar iarbhunscoileanna nua timpeall na tíre

Tá coistí bunaithe ag feidhmiú sna ceantair thíos le hiarbhunscolaíocht lán-Ghaeilge a éileamh dá bpobail, le tacaíocht ó Gaelscoileanna Teo.

- Baile an Chollaigh
- Baile Átha Cliath 15
- Cill Dara Thuaidh
- Port Laoise
- Sligeach
- Tuaisceart Chathair Chorcaí

Níl na ceantair seo aitheanta go fóill ag an Roinn Oideachais agus Scileanna mar cheantair ina bhfuil soláthar nua de dhíth ar bhonn déimeagrafach. Beifear ag súil leis go n-aithneofar iad amach anseo agus tá aighneachtaí cuimsitheacha maidir lena gcuid riachtanas déanta ag gach coiste chuig an Roinn. Tá na hOifigigh Forbartha ag obair go leanúnach leis na coistí le teacht ar réiteach i ngach ceantar díbh, agus le cás a dhéanamh leis an Roinn agus le pátrúin áitiúla agus pátrúin ionchasacha ar a son.

Bunscoil nua de dhíth i mBéal an Átha Móir, Liatroim

Tá Gaelscoileanna Teo. ag plé le coiste áitiúil maidir le soláthar lán-Ghaeilge a bhunú ainneoin nach mbeidh an ceantar aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá plé ar bun le scoileanna reatha an cheantair, a bheidh ag comhnascadh i 2016, maidir le féidearthacht oideachas lán-Ghaeilge a chur ar fáil. Pléifear chomh maith an fhéidearthacht an tseirbhís naíonra a leathnú le go mbeidh cúram lae ar fáil ann.

Stádas Inmharthanachta do Cheithre Ghaelscoil

D'fhógair an tAire Oideachais John O'Dowd Stádas Inmharthanachta do cheithre bhunscoil Ghaeilge.

Is iad na scoileanna iad ar tugadh Stádas Inmharthanachta dóibh:

Gaelscoil Léim an Mhadaidh, Léim an Mhadaidh, Co Dhoire

- Gaelscoil Eoghain, An Corr Críochach
- Gaelscoil na mBeann, Cill Chaoil
- Gaelscoil na Móna, Béal Feirste

Fáiltíonn Comhairle na Gaelscolaíochta go mór roimh ráiteas an Aire.

www.comhairle.org



Foirgneamh Nua ag Gaelscoil Sheoirse Clancy

Tar eis tríocha bliain ag fás is ag feitheamh, faoi dheireadh, tá foirgneamh buan ag Gaelscoil Sheoirse Clancy, Co Luimnigh!

Ba mhaith le Gaeilscoileanna Teo. ár gcomhghairdeas a ghabháil leo agus guímid gach rath orthu san

fhoirgneamh nua sna blianta amach romhainn!



Tacaíocht d'Aonaid lán-Ghaeilge

Tá Gaelscoileanna Teo. ag plé le hoifigigh na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le bunú agus buanú aonaid lán-Ghaeilge ag an iarbhunleibhéil, d'fhonn tacaíochtaí a dheimhniú do na hAonaid reatha agus deiseanna forbartha agus fáis a thabhairt dóibh.

Tá 11 aonad ag feidhmiú sa tír faoi láthair agus is cúis imní don eagraíocht agus do phobail na n-aonaid nach bhfuil polasaí ag an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le bunú agus buanú aonaid lán-Ghaeilge agus nach bhfuil tacaíochtaí ar leith ar fáil ón Roinn dóibh. Cé go bhféadfadh aonad lán-Ghaeilge a bheith mar réiteach i gcás ceantair áirithe ar an mórfhadhb atá ann i dtaobh soláthar oideachais lán-Ghaeilge ag an iarbhunleibhéil, ní féidir é a mholadh in éagmais stádas a bheith aige mar mhúnla i gcóras na Roinne. Braitheann aonaid an iomarca ar dheamhéin, toilteanas agus acmhainneacht an phátrúin; tá seo lochtach mar cur chuige agus tá sé leochaileach mar mhúnla dá dheasca.

Tá plé ag dul ar aghaidh idir pátrúin agus oifigigh na Roinne maidir leis na coinníollacha faoina dtabharfaidh an Roinn stádas scoil neamhspleách d'aonaid, le go mbeidís in ann freastal ar riachtanais na ceantair ina bhfuil siad lonnaithe. Tá rannpháirtíocht, tacaíocht agus treoir na Roinne don phróiseas aistrithe seo ríthábhachtach, agus i gcomhthéacs na bhforbairtí seo ar fad, feictear dúinn go bhfuil deis ann prótacal agus polasaí a fhorbairt i gcomhpháirt leis an Roinn a thabharfaidh treoir agus tacaíocht do bhunú agus buanú aonaid.

Tá géarghá leis an soláthar reatha a chosaint agus a fhorbairt; dhún 7 n-aonad lán-Ghaeilge ó 1999 i leith de dheasca easpa tacaíochta. Bunaithe ar thaithí na scoileanna seo agus a bpátrúin, chomh maith le comhairle agus deachleachtais na scoileanna ina bhfuil aonaid rathúla ag feidhmiú faoi láthair, tá polasaí forbartha ag Gaelscoileanna Teo. maidir le bunú agus buanú aonaid lán-Ghaeilge a bhféadfaí a úsáid mar phointe tosaigh don Roinn. Tá an polasaí seo le fáil ar www.gaelscoileanna.ie agus fáilteofar i gcónaí roimh aiseolas agus moltaí ina leith.



An chéad lá ar scoil i nGaelscoil Aonach Urmhumhan: Múinteoir Aisling agus na daltaí nua i Naíonain Bheaga

SPRAOI: Tionscadal nua ó Raidió na Life dírithe ar bhunscoileanna



Tá tionscadal nua darbh ainm Spraoi seolta ag foireann Raidió na Life chun an stáisiún a chur ar fáil mar áis foghlama do bhunscoileanna agus guth a thabhairt do pháistí i bpobal na Gaeilge. Beidh foireann SPRAOI ag tabhairt cuairteanna ar ghaelscoileanna ar fud fad Bhaile Átha Cliath; ag labhairt leis na páistí faoi fhéidearthachtaí a bhaineann leis an raidió pobail agus ag taifead agallaimh agus ceol leo. Craolfar na taifeadtaí ar shraith raidió úrnua, spleodrach do pháistí bunscoile ar Raidió na Life. Amach anseo, beidh an stáisiún ag réachtáil sraith ceardlann craoltóireachta do pháistí bunscoile i stiúideo Raidió na Life chomh maith. Cuirfear tús leis an tsraith raidió nua i mí na Samhna. Má tá suim ag do scoile páirt a ghlacadh sna ceardlanna craoltóireachta seo, déan teagmháil le Judy-Meg ag judy.meg@raidionalife.ie nó glaoch a chur uirthi ar 01 6616333.

Aonach Leabhar i nGaelscoil Bhaile Munna

Bhí seachtain fíor speisialta ag Gaelscoil Bhaile Munna an mhí seo toisc go raibh an Aonach Leabhar sa scoil. Tagann an comhlacht *Celtic Book Travelling Company* uair amháin sa bhliain agus bíonn seans ag na páistí leabhair álainn nua a cheannach. Faigheann an scoil 60% ar ais i leabhair nua do na leabharlannaí sna ranganna. I mbliana, bhí an-spéis ag na bpaistí in san leabhar Girl Online le Zoella, comh maith leis an 'craze' nua atá acu anois – Minecraft! Bhaineamar ana-thaitneamh as an Aonach Leabhar agus coimeádfaidh na leabhair nua muid gnóthach thar an briseadh meán téarma.




dúchas.ie


NÍ NEART GO
CUR LE CHÉILE

Cuidigh linn
taisce bhéaloideas
na hÉireann
a oscailt ar
www.dúchas.ie



Meitheal Dúchas.ie
Community Transcription

Register on dúchas.ie
to transcribe,
on a voluntary basis,
stories that were
collected in Gaeltacht
regions as part of
the Schools' Collection



Ríméad i gCarraig Uí Leighin ag oscailt na scoile nua, Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin



Is cúis mór áthais do mhuintir

Charraig Uí Leighin agus na ceantair
mháguaird gur chuir iarbhunscóil nua
lán-Ghaeilge, Gaelcholáiste Charraig
Uí Leighin, fáilte roimh a céad daltaí
ar an Luan, an 31 Lúnasa 2015.

“Cuimhneofar ar an lá stairiúil seo i
saol an phobail agus ar ndóigh i saoil
na ndaltaí féin” a dúirt príomhoide na
scoile, Áine-Máire Ní Fhaoláin. Chuir
foireann na scoile fáilte roimh na
daltaí, a muintir, chomh maith le
hionadaithe an choiste bhunaithe,
Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí,
Gaelscoileanna Teo. agus muintir an
cheantair ag ócáid speisialta oscailte.

Cuireadh tús le feachtas le hiarbhun-
scóil a bhunú sa cheantar i 2008, agus
is buíochas leis an gcoiste bunaithe

agus lena bhfeachtas leanúnach a
cheadaigh an Roinn Oideachais & Scil-
eanna oscailt na scoile. Beidh sí lon-
naithe go sealadach i dTigh Pháirc an
Uisce, Carraig Uí Leighin, áit a bhfuil
athchóiriú déanta ar an gcóiríocht le
go mbeidh sí in oiriúint do churaclam
leathan na scoile. Ní ar ábhair acadúla
amháin, áfach atáthar a díriú, tá réim-
se leathan gníomhaíochtaí spóirt,
ceoil, ealaíne agus cultúrtha ar fáil sa
scoil chomh maith, agus gach ábhar á
mhúineadh trí mheán na Gaeilge. “Tá
tréimhse iontach os ár gcomhair
amach” a dúirt Áine-Máire Ní Fhaoláin,
“agus táim féin agus foireann uile na
scoile ag súil an-mhór le hoibriú i dte-
annta ár ndaltaí, ár dtuismitheoirí,
pobal Charraig Uí Leighin agus pobail
an cheantair mháguaird le barr
feabhais múineadh agus foghlama a
chur ar fáil in ionad léinn den scoth i
nGaelcholáiste Charraig Uí Leighin.”



Vacsáinthe/ Imdhíontaí

Tá go leor ball de chuid Luath-óige Éireann (Early Childhood Ireland) tar éis dul i dteagmháil le Sup-
port Point le déanaí chun ceisteanna a ardú maidir le vacsáinthe agus ar chóir go mbeadh vacsáiníú
ar pháistí atá ag freastal ar an tseirbhís.

Ní riachtanais de réir an dlí é go mbeadh páiste vacsáinthe, is rud roghnach do thuismitheoirí é.
Mar gheall air sin, níl sé riachtanach go mbeadh páiste vacsáinthe le freastal ar an tseirbhís. Mura
bhfuil páiste vacsáinthe, áfach, ba chóir taifead a dhéanamh air seo agus é a chóiméad i gcomhad
le cinntiú go gcomhlíontar rialacháin na réamhscoile.

Is féidir le baill Luath-óige Éireann teagmháil a dhéanamh le Support Point ar 01 4040681 má tá
aon cheisteanna acu maidir le vacsáinthe/ imdhíontaí nó aon ghnó eile.

Tá gach eolas faoin méid thuas ar fáil ó

Gael Linn, 35 Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2.

T 01/6751200 F 01/6704180 R eolas@gael-linn.ie

Suíomh Idirlín: www.gael-linn.ie

Tá clár chuimsitheach imeachtaí do lucht Gaelscolaíochta (agus dá dtuismitheoirí, b'fhéidir !) beartaithe ag Gael Linn don bhliain amach romhainn. Ina measc beidh:

Do bhunscoileanna

Coirm: Féilte ealaíne ar fud na tíre dírithe ar ghaelscoileanna

agus bunscoileanna Gaeltachta.

(Dáta deiridh iontrála: 14 Nollaig 2015)

Beidh na hócáidí aon lae a leanas ar siúl:

- **Dé Máirt, 9 Feabhra 2016**
- Amharclann Phlús an Mhargaidh, Ard Mhacha Déardaoín,
- **10 Feabhra 2016**
- Amharclann an Ionaid Óige, Mainistir Fhear Maí
- **Déardaoín, 11 Feabhra 2016**
- Amharclann Naomh Mícheál, Ros Mhic Thriúin
- **Dé Céadaoin, 24 Feabhra 2016**
- Amharclann Clasach, Fionnradharc, BÁC
- **Déardaoín 25 Feabhra 2016**
- An Grianán, Leitir Ceanainn
- **Dé Máirt 1 Márta 2016**
- Amharclann a Hawkswell, Sligeach
- **Dé Céadaoin 2 Márta 2016**
- An tÁras Ealaíne, An Muileann gCearr
- **Dé Máirt, 8 Márta 2016**
- Siamsa Tíre, Trá Lí
- **Dé Máirt / Dé Céadaoin 14/15 Márta 2016**

Amharclann na Cathrach, Gaillimh

Féilte Peile Gael Linn:

Féilte peile do bhunscoileanna gaeltachta agus Gaelscoileanna

a eagraítear i gceantair Gaeltachta i ngach Cúige i dtreo deireadh na scoilbhliana.

Don Dara Leibhéal

Comórtas Díospóireachta Uí Chadhain: Comórtas díospóireachta do iar-bhunscoileanna a ndéantar teagasc trí

Ghaeilge iontu ag tosú Dé Luain, 5 Deireadh Fómhair.

(Dáta deiridh iontrála: 21 Meán Fómhair 2015)

Siansa: Comórtas agus ceardlanna ceoil do ghrúpaí traidisiúnta le ceoltóirí óga idir 12 agus 19. Craobh na hÉireann sa Cheoláras Náisiúnta – 17 Aibreán 2016 –duaischiste €4,500.

(Dáta deiridh iontrála: 6 Samhain 2015 – taifid le bheith ag Gael Linn roimh 7 Nollaig)

Scléip: Is éard atá i **Scléip** ná comórtas tallainne spreagúil agus spráúil atá dírithe go sonrach ar na hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge.**Cúrsaí Cumarsáide don Idirbhliain – i mBÁC amháin:** Is chun bunscoileanna cumarsáide a mhíniú agus a chothú i measc daltaí na hidirbhliana an cúrsa seo. Tabharfaidh an cúrsa seo blas de na meáin scríofa, raidió agus teilifís.**Foilseacháin –Dréimire, Staighre, Splanc:** Foilsíonn Gael Linn sraith de théacsleabhair a mbíonn an-tóir orthu ag ranganna a bhíonn ag gabháil don Ardteistiméireacht, don Teastas Sóisearach agus don Idirbhliain.**Abair:** Comórtas Caint Phoiblí is ea Abair teoranta do scoileanna 2ú leibhéal i dTuaisceart Éireann agus á reáchtáil ag Gael Linn. Is í aidhm an chomórtais seo taithí i labhairt na Gaeilge a thabhairt no scoláirí. Eagrófar líon áirithe babhtáí áitiúla (5 nó 6) ar fud an tuaiscirt le linn míonna Samhain agus Nollaig.**Gaelbhrtach:** Scéim nua tacaíochta do scoileanna atá ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn.

Ar Dheis Dé go Raibh a hAnam

Comóradh ar Éilís Uí Dhálaigh

Ba mhór le Gaelscoileanna Teo. comhbhrón ó chroí a dhéanamh le muintir Éilís Bean Uí Dhálaigh (née Nic Shim) ó Bhaile Átha Luain, Co. na hIarmhí, a cailleadh i mí Lúnasa. Bhí baint mhór ag Éilís Uí Dhálaigh le Conradh na Gaeilge agus le coistí náisiúnta na naíonraí ó na 1960idí, agus meastar gurb í a bhunaigh an chéad naíonra lán-Ghaeilge. Guímis suaimhneas síoraí uirthi.



An Cúinne Spóirt



BS Phobal Feirste: Ag Féile Uladh ar an bhFál Carrach, bhronn Leo McCloone a imríonn peil shinsear do fhoireann Dhún na nGall, Corn Gael Linn ar na buaitheoirí, Bunscoil Phobal Feirste.



Cathair na Mart: Foireann ríméadach Ghaelscoil na Cruaiche, Cathair na Mart, ag ceiliúradh a mbua, don triú bhliain as a chéile, ag Féile Peile Chonnacht sa Spidéal le déanaí lena múinteoirí, Colm Ó Conghaile (ar chúl, ar chlé) agus Máire Ní Fhaoilín (ar chúl, ar dheis)



Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc: Bhí ríméad ar fhoireann peile Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc, Ceathar-

lach, tar éis dóibh Féile Peile Gael Linn a bhuachan. Is i Ráth Chairn ghlas na Mí a bhí féile Laighean ar siúl, Dé Céadaoin 13 /Déardaoin 14 Bealtaine 2015.



Gaelscoil Mhic Easmainn: Seaimpíní Fhéile Peile Gael Linn na Mumhan don dara bliain as a chéile, foireann Ghaelscoil Mhic Easmainn, Trá Lí, ag ceiliúradh a mbua ar Pháirc Ghallurais, Corca Dhuibhne, in éineacht lena gcuid múinteoirí, Cáit Uí Churráin agus Colm Ó hAiniféin (ar chúl) agus Déaglán Ó Cuill (ar dheis).



Scoil na nÓg1: Thug foireann Scoil na nÓg, Gleann Maghair, Contae Chorcaí, Corn Gael Linn leo ag Féile Peile Gael Linn a reáchtáladh i gColáiste na Rinne i mí an Mheithimh.

Nuacht na nGaelcholáistí



Na Rógairí, Coláiste Cois Life, Leamhcán, BÁC, a tháinig sa dara háit i gcrabhbhómórtas Siansa Gael Linn 2015 a bhí ar siúl sa Cheoláras Náisiúnta i mí Aibreáin.

Laurel Hill Coláiste FCJ Luimneach – Éacht agus buaicphointe i Stair na Scoile.

Comhghairdeas le gach éinne atá bainteach le Laurel Hill Coláiste FCJ, ainmnithe mar an scoil is fearr sa tír san Sunday Times don tarna bhliain as a chéile. Tá ríméad orainn go bhfuil scoil lán-Ghaelach ar bharr an liosta. 'Is cúis áthais agus bhróid dúinn go bhfuil an scoil seo 'gainne, atá ar an bhfód ó 1935 ar aghaidh, tar éis an t-aitheantas seo a fháil. Ina theannta san, tá áthas orainn go bhfuil ag éirí chomh maith san le scoileanna atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge ar fud na tíre' arsa Aedín Ní Bhriain, príomhoide Laurel Hill Coláiste FCJ.



Tús curtha le Meitheal i gColáiste Daibhéid.

Comhghairdeachas leis na daltaí atá páirteach i Meitheal i mbliana. Déanadh coimisiúnú orthu le déanaí i searmanas in Eaglais Naomh Mhichíl sa Charraig Dubh i gCorcaigh.

Seo an chéad bhliain ina mbeidh Meitheal ag feidhmiú i gColáiste Daibhéid agus guímid gach rath orthu.

Beidh siad ag treisiú an nasc idir daltaí agus ag freastal ar an taobh phearsanta den saol scoile agus ag cabhrú leis an gCéad Bhliain ach go háirithe.

Is féidir níos mó eolais ar céard is meitheal ann a fháil ag <http://www.kandle.ie/tag/meitheal/>



Iarscoláire ó Ghaelcholáiste na Mara, Éadaoin Nic Mhuiris (céad rang Ardeiste. 2013) mar chomh láithreoir le Caoimhe Ní Chathail, ar chlár nua teilifíse WAC a bheidh á chraoladh ar TG4 Dé Máirt agus Déardaoin ag 5.20 i.n.

Bí ag Léamh! Lá Roald Dahl ag Gaelscoil Moshíológ



Reáchtáil Cumann na dTuismitheoirí an ócáid seo chun léitheoireacht a spreagadh sa scoil. Bhí an-spraoi ar an lá le Feistis Bhréige Dahl-icious, Crannchur Willy Wonka, Díolachán Ciste Charlie & The Chocolate Fatory, Pictiúrlann Roald Dahl agus comórtas Ticéad Óir!



Dingbats

An féidir leat na nathanna cainte Gaeilge a oibriú amach ó na híomhánna seo? (freagraí le fáil ar lch 13)

1.




2.




CIINN

3.




4.



5.

~~**Ciall**~~
Aois

6.



7.



8.

LAE

Compántas Amharclainne Aisling Ghéar – 'An Triail' le Mairéad Ní Ghráda.

Sa dráma clasaiceach seo atá suite sa bhliain 1961 insítear scéal faoi bhean óg, Éireannach a fhaigheann amach go bhfuil sí ag iompar clainne. In Éirinn sna 1960í is beag an fháilte a cuireadh roimh mháthair neamhphósta agus cuirtear Máire go dtí ceann de na hionaid ain-chlúiteacha Magdalen, go dtí gur saolaíodh a pháiste. I ndiaidh na breithe caithfidh Máire streachailt le saol gan taca ar bith óna teaghlach, ná ó athair an pháiste, ná on phobal. Agus í ar an dé deiridh déanann sí rogha gan dóigh.

Tá an dráma smaintiúil, coscarthach seo chomh láidir inniu is a bhí sé an chéad lá riamh.

O'Reilly Theatre, Bevedere College Baile Átha Cliath,
Luan 9 Samhain @ 2in Máirt 10 Samhain - Aoine 13 Samhain @ 10.30rn & 2in
Fón: Oifig Aisling Ghéar – 0044 28 9020 8040

The Black Box, Town Hall Theatre, Dyke Road, Gaillimh. **Fón: 091 569 777**
Luan 16 Samhain @ 2in
Máirt 17 Samhain @ 11rn & 2in

The Simon Ryan Theatre, Tiobraid Árann **Fón: 062 80520**
Déardaoin 19 & Aoine 20 Samhain @ 11rn & 2in
Tairiscint Ticéid – íoc roimh 16 D Fómhair @ €10 an dalta. Ina dhiaidh sin, €12 a bheas ar thicéad



www.seideansi.ie

Suíomh nua le mórán cluichí taitneamhacha
do mhúineadh na Gaeilge

Sraith gníomhaíochtaí agus cluichí taitneamhacha bunaithe ar a bhfuil ar fáil cheana i leabhairíní na Naíonán Beag agus na Naíonán Mór atá ar fáil ar an suíomh nua seo atá iomlán beo anois. Beidh ábhar Rang a hAon agus Rang a Dó ar fáil roimh dheireadh na bliana. Na comhaid fuaime a ghabhann leis na gníomhaíochtaí uile tá siad le fáil sna trí mhórchanúint.

Seideán Si

Ranganna Áiseanna Eile Cl

Naíonán Bheaga

Tá sé mar aidhm ag na gníomhaíochtaí idirghníomhacha seo tógáil ar an obair sa seomra ranga agus tá siad bunaithe ar shraith iomlán na leabhar léitheoireachta do naíonáin bheaga. Diríonn siad ar aithint focal, ar thuiscint agus ar fhorbairt stór focal.

Cluiche Meaitseála Caith do Léim Clíceáil ar an bpictiúr

Tá tuilleadh le léamh anseo

Freagraí Dingbats: 1. Aithníonn ciaróg ciaróg eile. 2. Bun os cionn. 3. Ní mar a shítear a bhítear. 4. Ní bhíonn in aon rud ach seal. 5. Ní thagann ciall roimh aois. 6. Níl aon leigheas ar an ngrá, ach pósadh. 7. Giorraíonn beirt bóthar. 8. Ag deireadh an lae.

Má thaithníonn cluichí mar seo leat, is féidir do chluichí a sheoladh don chéad eagrán eile chuig oifig@gaelscoileanna.ie

Na Naíonraí

Ábhar Bolscaireachta

Cuireann Gaelscoileanna Teo. réimse éagsúil ábhar bolscaireachta maidir leis an tumoideachas ar fáil saor in aisce do naíonraí. D'fhéadfadh na leabhráin agus bileoga eolais seo bheith an-úsáideach don téarma nua, mar aon le laethanta agus oícheanta eolais do thuismitheoirí, ach go háirithe. Má theastaíonn cóipeanna crua den ábhar seo uait do do naíonra féin, déan teagmháil le Jill san oifig ar 01 8535195

nó oifig@gaelscoileanna.ie. Beidh bileog eile dírithe go hiomlán ar obair an naíonra á forbairt againn sna míonna romhainn agus má tá moltaí ar bith agat maidir leis an ábhar sin, is féidir teagmháil a dhéanamh le Clare ina leith; 01 8535193 nó clare@gaelscoileanna.ie.

Polasaithe agus Foirmeacha Samplacha

Tá bunachar polasaithe agus foirmeacha samplacha do naíonraí curtha ar fáil againn ar [shuíomh Gaelscoileanna](#). Ina measc, gheofar polasaithe agus foirmeacha úsáideacha a bhaineann le cúrsaí fostaíochta agus earcaíochta, cúram leanaí, agus sláinte agus sábháilteacht. Ba mhian le Gaelscoileanna Teo. buíochas a ghabháil leis na naíonraí a roinn a gcuid doiciméad go fial flaithiúil linn go dáta. Tá muid cinnte go mbeidh an bunachar seo fíorúsáideach do naíonraí agus iad ag athnuachan a gcuid polasaithe féin.

Ba chóir do naíonraí na rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile), 2006 a leanúint, agus polasaithe a bheith acu a thagann leis na rialacháin sin. Tá gach eolas maidir leis na rialacháin le fáil ó Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

Ar an Suíomh

Eolaire

Foilseofar eolaire ar [shuíomh Gaelscoileanna](#) go han-luath, le sonraí na naíonraí a chuireann luath-thumoideachas lán-Ghaeilge ar fáil. Acmhainn an-úsáideach a bheidh ann do thuismitheoirí/cúramóirí agus iad ag cuardach naíonra dá ngasúir. Beidh léarscáil idirghníomhach inchuadaithe ann, mar aon le sonraí teagmhála an naíonra.

Grúpa Facebook



Tá grúpa príobháideach [Facebook](#) cruthaithe againn do stiúrthóirí naíonra chun deis a chur ar fáil do stiúrthóirí ar fud na tíre fóram plé a bheith acu lena chéile, áit chun folúntais a fhógairt agus acmhainní úsáideacha/pleananna ceachta a roinnt ar a chéile. Is ó aiseolas a bhfuair muid le linn ár gcuid cuairteanna i mbliana a bunaíodh an grúpa dúnta seo agus tá súil againn go rachaidh sé go mór chun leasa na naíonraí sa bhliain amach romhainn. Roinnfear eolas maidir le ceardlanna oiliúna agus eolas uasdátaithe ón earnáil ar bhonn

Acmhainní

Bunaithe ar aiseolas ó na cuairteanna naíonra sa téarma deireanach, tá tús curtha againn le liosta acmhainní úsáideacha Gaeilge do naíonraí ar ár suíomh Idirlín. Má tá aon acmhainní luachmhara eile ar eolas agat atá in easnamh ónár liosta, ba bhreá linn cloisteáil fúthu chun iad a roinnt le stiúrthóirí eile ar fud na tíre.

Naíonra Lios na nÓg, Baile Átha Luain, ag foghlaim bhfaoin bhfómhar.

Tá na páistí go léir socraithe síos anois i Naíonra Lios na nÓg. Tá sáróbair ar siúl acu sa seomra go dtí seo. D'fhoghlaim siad faoin bhfómhar - gráinneoga, loraí rua agus duilleoga. Tá neart rann agus amhrán déanta acu freisin - Mise an Traein, Tic Toc, Roille, Roille Ráinne agus Mise Dic an Robó Glic ina measc. Thosaigh na páistí ar a gcuid leabhar oibre an tseachtain seo agus bhí siad breá sásta leo féin nuair a bhfuair siad stampaí as ucht an obair chrua a bhí á déanamh acu. Bhí an-spraoi againn sa halla ag imirt peile agus sa chlos ag cuardach duilleog don bhord dúlra! Seo roinnt ealaíne atá déanta ag na páistí.



Crann fómhair déanta as rolla páipéar lei- thris agus méarphéinteáil.

Ealaín shimplí dheas! Bealach maith chun na páistí a chur ag smaoineamh faoi tháirgí a athchúrsáil agus an dúlra ag an am céanna.

Foinse: <http://www.mpmschoolsupplies.com/ideas/2376/fall-fingerpainting-create-an-autumn-tree/>

Crann ildáite déanta as méarphéinteáil

Ealaín dheas chun dul siar ar an teanga a bhaineann leis an bhfómhar agus na dathanna. Foinse: <http://www.mpmschoolsupplies.com/ideas/2376/fall-fingerpainting-create-an-autumn-tree/>



Bealach deas chun scileanna mínluaileacha a chleachtadh leis na páistí agus téama an fhómhair ar bun sa seomra.

Foinse: <http://www.cuttingtinybites.com/2014/10/fine-motor-fall-yarn-wrapping.html>



Crann Fómhair

Ag teastáil:

Scuab shoithí (ceann ciorclach)


Péint in-nite

Teimpléad de chrann

Conas é a dhéanamh:

Priontáil an teimpléad crainn roimh ré. Ullmhaigh dathanna oiriúnacha don bhfómhar (buí, oráiste, donn, dearg) agus tabhair deis do chuile pháiste an scuab shoithí a úsáid chun duilleoga a chur ar a gcrann. Is féidir an crann a chríochnú le péint dhonn a chur ar chorp an chrainn. Cuir na pictiúir ar leataobh ansin chun iad a thriomú.

Foinse: <http://www.craftymorning.com/fall-tree-craft-using-dish-brush/>



Gaelscoileanna

Seol chugainn bhur nuacht don chéad nuachtlitir eile
chuig oifig@gaelscoileanna.ie